C/2025/3581

2.7.2025

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2025/3581)

TEACHTAIREACHT MAIDIR LE FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

'Wagram'

PDO-AT-A0233-AM02 — 28.5.2025

1. **Ainm an táirge**

'Wagram'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☒ Ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint (ATFC)

☐ Tásc geografach faoi chosaint (TGFC)

☐ Tásc geografach (TG)

3. **Earnáil**

☐ Táirgí talmhaíochta

☒ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **Tír ar léi an limistéar geografach**

An Ostair

5. **Údarás an Bhallstáit a bhfuil an leasú caighdeánach á chur in iúl aige**

Bundesministerium für Land- und Forstwirtschaft, Regionen und Wasserwirtschaft [An Aireacht Chónaidhme Talmhaíochta agus Foraoiseachta, Réigiún agus Bainistithe Uisce]

6. **Tuairisc ar an leasú caighdeánach (nó ar na leasuithe caighdeánacha) formheasta**

1. *Laghdú ar na cineálacha fíniúna*

Go dtí seo, d'fhéadfaí líon mór cineálacha a úsáid chun fíon ATFC Wagram a dhéanamh. Chun carachtar sonrach na bhfíonta agus an nasc leis an limistéar tionscnaimh a neartú, laghdaíodh líon na gcineálacha de bheagán agus leagadh amach na cineálacha as an nua faoi na catagóirí *Gebietswein* [fíon réigiúnach], *Ortswein* [fíon ó shráidbhaile nó ó bhardas ar leith] agus *Riedenwein* [fíon ó fhíonghort aonair atá sainithe de réir dlí].

Ní dhéanann an t-athrú ar chineálacha difear d'ainm ná do chatagóir ATFC Wagram. Treisíodh an nasc leis an limistéar, ós rud é go bhfuil na cineálacha ina saintréith de chuid limistéar fíonsaothrúcháin ATFC Wagram agus go bhfuil siad á bhfás ansin ar feadh i bhfad. Thairis sin, níor forchuireadh aon srian margaíochta, toisc gur féidir fíonta a dhéantar as cineálacha nach gcumhdaítear le ATFC Wagram a thuilleadh a chur ar an margadh faoi ATFC Niederösterreich. Dá bhrí sin, is leasú caighdeánach é an leasú ar an tsonraíocht.

Ba cheart an doiciméad aonair a leasú freisin, ós rud é go leagtar amach ann na cineálacha a fhéadfar a úsáid chun fíon ATFC Wagram a dhéanamh.

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

2. *Tuairisc níos beaichte ar na saintréithe orgánaileipteacha*

Ciallaíonn na hathruithe ar na cineálacha gur féidir saintréithe orgánaileipteacha fhíonta ATFC Wagram a leagan amach ar bhealach níos beaichte.

Ní dhéanann sé sin difear d'ainm ná do chatagóir ATFC Wagram. Tá an nasc leis an limistéar mar a bhí roimhe seo freisin, ós rud é nár tháinig aon athrú ar na saintréithe orgánaileipteacha bunúsacha: ní dhearnadh ach tuairisc níos beaichte a thabhairt orthu. Thairis sin, níor forchuireadh aon srian ar fhíon ATFC Wagram a chur ar an margadh. Dá bhrí sin, is leasú caighdeánach é an leasú ar an tsonraíocht.

Ba cheart an doiciméad aonair a leasú freisin, ós rud é go leagtar amach ann saintréithe orgánaileipteacha fhíon ATFC Wagram.

3. *Rialacha breise maidir le lipéadú*

Leis an leasú ar an tsonraíocht, leagtar síos rialacha maidir le clómhéid na sonraí ar an lipéad (cineál, ATFC, téarmaí traidisiúnta, etc.) agus maidir le húsáid an téarma thraidisiúnta 'DAC' nó 'Districtus Austriae Controllatus'. Ós rud é nach dtagann sé sin faoi aon cheann de na critéir a leagtar amach in Airteagal 24(3) de Rialachán (AE) 2024/1143, is leasú caighdeánach é an leasú. Ba cheart na rialacha a áireamh sa doiciméad aonair faoi phointe 9 – 'Coinníollacha fíor-riachtanacha breise (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)'.

4. *Soiléiriú ar na forálacha maidir le buidéalú agus táirgeadh*

Táirgeadh: Faoi Acht na hOstaire um Fhíon, is féidir fíonta ATFC a tháirgeadh lasmuigh den limistéar fíonsaothrúcháin de ghnáth, rud a chiallaíonn go mbaineann an Ostair úsáid go ginearálta as an maolú dá bhforáiltear in Airteagal 5 de Rialachán (AE) 2019/33. Leasaíodh an tsonraíocht le haghaidh ATFC Wagram chun a leagan síos anois freisin nach mór fógra a thabhairt do Choiste Réigiúnach um Fhíon Wagram faoi tháirgeadh lasmuigh den limistéar fíonsaothrúcháin agus nach mór don Choiste sin é a fhormheas.

Buidéalú: Níor bunaíodh aon srian. Ní mór fógra a thabhairt don Choiste Réigiúnach um Fhíon faoi bhuidéalú lasmuigh den limistéar fíonsaothrúcháin agus ní mór don Choiste sin é a fhormheas.

Ní chuireann na ceanglais sin maidir le fógra srian ar fhíon ATFC Wagram a chur ar an margadh agus dá bhrí sin is leasú caighdeánach iad. Ba cheart iad a áireamh sa doiciméad aonair faoi phointe 9 – 'Coinníollacha fíor-riachtanacha breise (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)'.

5. *Forálacha maidir le haonaid gheografacha níos lú a úsáid ar an lipéad*

Leis an leasú ar an tsonraíocht, is féidir tagairt a dhéanamh d'aonaid gheografacha atá níos lú ná an limistéar atá i gceist le ATFC Wagram, agus ar an gcaoi sin úsáid a bhaint as na féidearthachtaí dá bhforáiltear in Airteagal 55 de Rialachán (AE) 2019/33. Ós rud é nach dtagann sé sin faoi aon cheann de na critéir a leagtar amach in Airteagal 24(3) de Rialachán (AE) 2024/1143, is leasú caighdeánach é an leasú. Liostaítear ainmneacha na n-aonad geografach sa tsonraíocht agus ba cheart iad a áireamh freisin sa doiciméad aonair faoi phointe 9 – 'Coinníollacha fíor-riachtanacha breise (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)'.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

Wagram

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

ATFC — Ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint

3. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna**

1. Fíon

3.1. *Cód Ainmníochta Comhcheangailte*

— 22 — DEOCHANNA, BIOTÁILLÍ AGUS FÍNÉAGAR

2204 — Fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

4. **Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fíonta)**

Fíon Wagram

Táirgtear fíon ATFC Wagram as na cineálacha fíniúna seo a leanas a úsáidtear chun *Qualitätswein* [fíon ar ardchaighdeán] a dhéanamh: Chardonnay, Frühroter Veltliner, Grauer Burgunder, Grüner Veltliner, Gelber Muskateller, Roter Veltliner, Sauvignon Blanc, Traminer, Weißer Burgunder, Riesling, Blauer Burgunder, St. Laurent, Zweigelt. Is féidir an fíon a dhéanamh as ceann amháin, as cumasc nó as cumasc goirt de na cineálacha sin.

Blas: Tá tionchar ag an lós ar na fíonta geala, rud a thugann spíosraitheacht fíneálta dóibh. Go háirithe, éiríonn fíonta Grüner Veltliner níos spíosraí de réir mar a aibíonn siad, a mbíonn fíonta blasta agus taitneamhacha mar thoradh air. Bíonn torthaíocht shoiléir, dhian agus struchtúr maith aigéid ag Riesling Wagram. Níor cheart aon imir adhmaid cheannasach a bheith ag na fíonta geala. Bíonn na fíonta dearga saibhir agus bíonn saintréithe láidre cineáil iontu. Ní mór do gach fíon a bheith comhfhreagrach don téarma 'tirim'.

Catagóirí éagsúla fíona:

Gebietswein [fíon réigiúnach]: Déantar na fíonta sin as cumasc nó as cumasc goirt de na cineálacha seo a leanas: Chardonnay, Frühroter Veltliner, Grauer Burgunder, Grüner Veltliner, Gelber Muskateller, Roter Veltliner, Sauvignon Blanc, Traminer, Weißer Burgunder, Riesling, Blauer Burgunder, St. Laurent, Zweigelt. Ceadaítear cumasc le cineálacha eile a úsáidtear freisin chun *Qualitätswein* a tháirgeadh, suas le teorainn 15 % den chumasc, fad is nach ndéanann sé dochar don ainmniúchán.

Ortswein [fíon a bhfuil ainm sráidbhaile nó bardais ar a lipéad]: Déantar na fíonta sin as ceann de na cineálacha seo a leanas: Chardonnay, Grüner Veltliner, Roter Veltliner, Weißer Burgunder, Riesling, Blauer Burgunder, Zweigelt. Ceadaítear cumasc le cineálacha eile a úsáidtear freisin chun *Qualitätswein* a tháirgeadh, suas le teorainn 15 % den chumasc (riail 15 %), fad is nach ndéanann sé dochar don ainmniúchán. Ní cheadaítear fíonta *rosé* a dhéantar as fíonchaora gorma (bídís 'luathbhrúite' nó ná bíodh), cumaisc ghoirt, agus gach cumasc agus *cuvées* (gan dochar don riail 15 %) a dhéantar as fíonchaora geala nó dearga.

Riedenwein [fíon a bhfuil ainm fíonghoirt aonair atá sainithe de réir dlí ar a lipéad]: Ní mór na fíonta sin a tháirgeadh as na cineálacha Grüner Veltliner nó Roter Veltliner, a úsáidtear chun *Qualitätswein* a dhéanamh. Ceadaítear cumasc le cineálacha eile a úsáidtear freisin chun *Qualitätswein* a tháirgeadh, suas le teorainn 15 % den chumasc, fad is nach ndéanann sé dochar don ainmniúchán.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 9,0

— Aigéadacht iomlán íosta: 4 ghram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 18

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): 250

5. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

5.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha*

Srian ábhartha ar dhéanamh na bhfíonta

Na cleachtais fhíoneolaíocha uile dá bhforáiltear i Rialacháin (AE) 2019/934 agus 2019/935 le haghaidh fíon ar a bhfuil ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint, údaraítear iad le haghaidh an ATFC 'Wagram', cé is moite de chóireáil le sorbáit photaisiam nó décharbónáit démheitile. Is féidir na fíonta a dhí-aigéadú i gcomhréir leis na Rialacháin sin. Cinneann an tAire Cónaidhme Talmhaíochta agus Foraoiseachta, Réigiún agus Bainistíochta Uisce an gceadófar aigéadú ar bhonn na ndálaí aimsire le linn an tséasúir fáis. Sa chás sin, rialaítear na coinníollacha maidir le haon aigéadú leis na Rialacháin thuasluaite.

Ní mór meáchan úrfhíona íosta 15 °KMW a bheith i sú na bhfíonchaor ar Scála Meáchan Úrfhíona Klosterneuburg (= 9,5 % de réir toirte).

Féadfar an neart alcóil nádúrtha a mhéadú suas le 2 % toirte ar a mhéad (nó 2,5 % toirte i gcás dálaí aimsire neamhfhabhracha agus tar éis údarú a fháil ón Aire Cónaidhme Talmhaíochta agus Foraoiseachta, Réigiún agus Bainistíochta Uisce) trí shiúcrós, úrfhíon fíonchaor tiubhaithe nó úrfhíon fíonchaor tiubhaithe coigeartaithe nó trí thiúchan páirteach a chur leis.

5.2. *Uastáirgeacht*

Fíon ATFC Wagram

10 000 cileagram d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Is limistéar fíonsaothrúcháin Wagram iad ceantar polaitiúil Tulln, cé is moite de bhardais Atzenbrugg, Sitzenberg-Reidling agus Würmla, agus bardas Stetteldorf am Wagram.

7. **Cineál (nó cineálacha) fíonchaor**

Blauer Burgunder — Blauer Spätburgunder, Blauburgunder, Pinot Noir

Chardonnay — Morillon

Frühroter Veltliner — Malvasier

Gelber Muskateller — Muskateller

Gelber Traminer — Traminer

Grauer Burgunder — Grauburgunder, Pinot Gris, Ruländer

Grüner Veltliner

Roter Traminer — Traminer

Roter Veltliner

Sauvignon Blanc

St. Laurent

Weißer Burgunder — Weißburgunder, Pinot Blanc, Klevner

Weißer Riesling — Riesling, Rheinriesling

Zweigelt — Blauer Zweigelt, Rotburger

8. **Tuairisc ar an nasc (nó ar na naisc)**

Tá limistéar fíonsaothrúcháin Wagram roinnte ina dhá chrios éagsúla. Is é an chéad chrios an Wagram féin: ardchlár mór ó thuaidh den Danóib, atá suite díreach ar an taobh thoir de limistéar fíonsaothrúcháin Kamptal agus a shíneann thart ar 30 km soir. Sa chuid sin, fásann na fíniúnacha ar ithreacha lóis tiubha chun fíonta tathagacha spíosracha a tháirgeadh. Tá ithreacha níos cailcí sa chrios eile, atá suite i limistéar Klosterneuburg ar an taobh thiar thuaidh de Vín, a tháirgeann fíonta torthaíocha, goinbhlasta fuinniúil.

Tá tionchar na Danóibe agus a chóngaraí atá an réigiún Panónach le sonrú san aeráid. Bíonn na hoícheanta sách fionnuar, rud a théann chun tairbhe d'fhorbairt na ndea-bholaithe. Is fíon geal é thart ar 75 % den fhíon a tháirgtear i limistéar fíonsaothrúcháin Wagram. Is iad na príomhchineálacha a úsáidtear ná Grüner Veltliner le haghaidh na bhfíonta geala agus Zweigelt le haghaidh na bhfíonta dearga. Is fiú Frühroter Veltliner a lua freisin, cineál atá ina shaintréith de chuid an limistéir. I dtéarmaí a gcáilíochtaí orgánaileipteacha, is féidir tuairisc a thabhairt ar na fíonta mar fhíonta saibhre spíosracha. Tá an tsraith thiubh lóis ar an Wagram foirfe chun fíonta cumhachtacha spíosracha Grüner Veltliner a tháirgeadh. Táirgeann na hithreacha níos cailcí sa limistéar timpeall Klosterneuburg fíonta torthaíocha, goinbhlasta fuinniúil.

Thairis sin, mar gheall ar chineál teaghlaigh na ngnólachtaí fíonóireachta den chuid is mó, tugtar stíl thraidisiúnta na fíonóireachta ar aghaidh ó ghlúin go glúin, rud a chuireann le saintréith fhíonta Wagram.

9. **Coinníollacha fíor-riachtanacha breise (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinnílla breise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Faoin Acht na hOstaire um Fhíon, ní fhéadfar fíon an ATFC 'Wagram' a chur ar an margadh ach amháin má tá uimhir seiceála cáilíochta oifigiúil aige [*staatliche Prüfnummer*]. Chun uimhir seiceála cáilíochta oifigiúil a fháil, ní mór tástáil anailíseach agus orgánaileipteach a dhéanamh ar shampla de gach fíon atá le cur ar an margadh leis an ATFC 'Wagram' (seiceáil chórasach; féach an tsonraíocht).

Sa tástáil chéadfach, déanann painéal blaiste oifigiúil, ina bhfuil seisear blastóirí agus cathaoirleach, tástáil ar na fíonta. Cuirtear samplaí gan aithint os comhair na mblastóirí. Ní áirítear ar an bhfoirm tástála ach an fhaisnéis is gá le haghaidh na meastóireachta, amhail an t-ainmniúchán traidisiúnta agus an bhliain. Baineann na blastóirí úsáid as a dtaithí agus as fíonta tagarmhairc araon chun breithiúnas a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil na fíonta a chuirtear faoina mbráid tipiciúil d'fhíonta Wagram agus an bhfuil siad indíolta (i.e. saor ó lochtanna).

Tá feidhm ag na coinníollacha a leagtar síos le Rialachán na hOstaire maidir le Blaiseadh, Iris Oifigiúil Phoblacht na hOstaire (*BGBl.*) II Uimh. 256/2003, maidir le blaiseadh painéil a reáchtáiltear chun uimhir seiceála cáilíochta oifigiúil a eisiúint le haghaidh fíona leis an ainmniúchán díolacháin 'Wagram DAC'. Mar sin féin, ní mór do cheathrar blastóirí a dheimhniú go gcomhlíontar na ceanglais maidir le fíon Wagram DAC.

Cuirtear an t-ainmniúchán 'DAC' in ionad an téarma 'ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint' agus ní mór é a bheith ar an lipéad in aice leis an limistéar fíonsaothrúcháin Wagram agus i gcarachtair nach mó ná leath mhéid na gcarachtar a úsáidtear le haghaidh an ainm 'Wagram'. Ní mór an t-ainm 'Wagram' a bheith ar an lipéad freisin nach gá an fhaisnéis shainordaitheach uile a bheith air (an lipéad tosaigh má tá lipéad cúil ann); féadfar an forlíontán 'DAC' a fhágáil ar lár.

Ní cheadaítear ainmniúcháin díolacháin eile a úsáid, ach amháin i gcás 'Qualitätswein'. Seachas an téarma 'Qualitätswein', ní cheadaítear ach ainm branda nó tásc breise a cheadaítear faoin Acht um Fhíon (e.g. ainm galánta nó tásc traidisiúnta roghnach) a thaispeáint. Ní mór an t-ainmniúchán breise agus aon fhaisnéis faoi chineál fíniúna a phriontáil i gcarachtair nach mó ná na carachtair a úsáidtear chun an ATFC 'Wagram' a léiriú agus ní mór iad a bheith ar an lipéad tosaigh agus ar an lipéad cúil araon.

Ní cheadaítear an limistéar fíonsaothrúcháin 'Niederösterreich' ná an limistéar fíonsaothrúcháin 'Weinland' a léiriú.

Ní mór bliain an fhíona a léiriú.

Ní fhéadfar ach na bardais chadastracha seo a leanas a úsáid mar thásca a bhaineann le suíomh: Absdorf, Fels, Gösing, Thürnthal, Feuersbrunn, Wagram, Großriedenthal, Ottenthal, Neudegg, Ameisthal, Baumgarten, Großweikersdorf, Großwiesendorf, Ruppersthal, Tiefenthal, Zaussenberg, Engelmannsbrunn, Kirchberg, Mitterstockstall, Oberstockstall, Unterstockstall, Königsbrunn, Hippersdorf, Eggendorf, Starnwörth, Stetteldorf, Klosterneuburg (lena n-áirítear bardais fíonsaothrúcháin Wagram ó dheas den Danóib). Ní fhéadfar na tásca sin a bhaineann le suíomh a úsáid ach amháin i gcomhar le ATFC 'Wagram'.

Féadfar ainm aon *Ried* [fíonghort aonair] arna shainiú le haghaidh limistéar fíonsaothrúcháin Wagram ag an údarás riaracháin ceantair inniúil a úsáid mar ainmniúchán fíonghoirt aonair. Ní fhéadfar na hainmneacha fíonghoirt aonair sin a úsáid ach amháin in éineacht leis an ATFC 'Wagram'.

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinnílla breise:

Maolú maidir le táirgeadh sa limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Faoi Acht na hOstaire um Fhíon, ní mór gach fíon ATFC a tháirgeadh sa limistéar fíonsaothrúcháin (réigiún tionscnaimh an TGFC) ina bhfuil an limistéar ATFC lonnaithe nó i limistéar fíonsaothrúcháin comharsanach. Dá bhrí sin, baineann an Ostair úsáid go ginearálta as an maolú dá bhforáiltear in Airteagal 5 de Rialachán (AE) 2019/33. Maidir le táirgeadh fhíon ATFC Wagram, leagadh síos coinníollacha breise lena gceadaítear táirgeadh lasmuigh den limistéar tionscnaimh fad a thugtar fógra faoi do Choiste Réigiúnach Wagram agus a údaraíonn an Coiste sin é.

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise:

Pacáistiú laistigh den limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Ní leagtar síos rialacha ginearálta maidir le buidéalú fhíonta ATFC le hAcht na hOstaire um Fhíon. Chun cáilíocht agus gnáth-shaintréithe fhíon ATFC Wagram a áirithiú, leagtar síos na coinníollacha seo a leanas maidir lena bhuidéalú:

Ní mór an fíon a bhuidéalú i limistéar ATFC Wagram. Is féidir buidéalú lasmuigh den limistéar tionscnaimh má thugtar fógra faoi do Choiste Réigiúnach Wagram agus má údaraíonn an Coiste sin é.

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

https://info.bml.gv.at/dam/jcr:24c80f20-c06d-4159-b5bc-04feaeeadcad/Produktspezifikation_Wagram.pdf